**Meas tú...**

**Comhdhálú**

**Rúibric Anailíseach**

B'fhéidir go gcabhródh sé an rúibric anailíseach seo a úsáid i gcomhairle leis an dalta chun aiseolas a thabhairt ar a chuid oibre agus na chéad chéimeanna eile ina chuid foghlama a aithint.

| **Táscairí Measúnaithe** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Ag Forbairt**<br><br>An foghlaimeoir | **Níos Forbartha**<br><br>An foghlaimeoir | **Inniúil**<br><br>An foghlaimeoir |
| **Smaoineamh ar cheist** | Aithníonn an foghlaimeoir gné mhatamaiticiúil ach tá easpa cruthaitheachta nó doimhneachta ann.<br><br>Tá an cheist soiléir go leor ach b'fhéidir nach bhfuil sainiúlacht ná ábharthacht ag baint léi. | Roghnaíonn sé gné mhatamaiticiúil go héifeachtach, rud a léiríonn cruthaitheacht agus cur chuige tuisceanach.<br><br>Smaoiníonn sé ar cheist shoiléir mhatamaiticiúil a bhaineann leis an ngné a roghnaíodh. | Aithníonn agus roghnaíonn sé go cruthaitheach gné uathúil mhatamaiticiúil óna thimpeallacht agus léirítear úrnuacht agus léargas.<br><br>Smaoiníonn sé ar cheist mhatamaiticiúil shoiléir tharraingteach a bhaineann leis an ngné a roghnaíodh. |
| **Smaointeoireacht Chriticiúil** | Déanann sé iarracht teacht ar réiteach ach d'fhéadfadh earráidí beaga nó easpa doimhneachta a bheith ina chuid tuisceana. | Tugann sé réiteach fónta loighciúil ar an gceist, rud a léiríonn tuiscint mhaith ar an gcoincheap matamaiticiúil. | Tugann an dalta réiteach críochnúil agus dea-réasúnaithe ar an gceist, rud a léiríonn tuiscint dhomhain ar an gcoincheap matamaiticiúil atá i gceist. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Déanann sé tuar bunúsach faoi réitigh fhéideartha eile, ach níl léargas ná cruinneas leo. | Déanann sé tuar réasúnta faoi réitigh fhéideartha eile a aithníonn a chomhscoláirí. | Déanann sé tuar léirsteanach agus cruinn faoi réitigh fhéideartha éagsúla a d'fhéadfadh a chomhscoláirí a lua. |
| **Údar a thabhairt** | Glacann sé páirt i bplé sa seomra ranga ach bíonn sé deacair air a chuid smaointe a chur in iúl go soiléir.<br><br>Déanann sé iarracht teacht ar réiteach ar fhadhb chomhscoláire ach ní léiríonn sé réiteach soiléir ná cruinn.<br><br>Tá an póstaer soiléir go leor ach níl an t-eolas iomlán ná eagraithe ina chur i láthair. | Labhraíonn sé le comhscoláirí, roinneann sé a chuid oibre go soiléir, agus cuireann torthaí in iúl go héifeachtach.<br><br>Tugann sé réiteach ar fhadhb chomhscoláire, cé go bhféadfadh mionbhearnaí a bheith sa mhíniú.<br><br>Cruthaíonn sé póstaer soiléir agus dea-eagraithe a chuireann in iúl an ghné a roghnaíodh, an cheist, an réiteach, agus na tuartha. | Pléann sé go gníomhach le comhscoláirí, roinneann sé a chuid oibre go muiníneach, agus cuireann sé a chuid torthaí in iúl go héifeachtach.<br><br>Réitíonn sé fadhb / ceist an chomhscoláire, agus tugann sé mínithe soiléire.<br><br>Cruthaíonn sé póstaer tarraingteach agus faisnéiseach a chuireann in iúl go héifeachtach an ghné a roghnaíodh, an cheist, an réiteach, agus na tuartha. |